

LIAM DEARG AGUS SEÁN NA GCANNAÍ

Beirt gadaidhthe a bhí ionnta amach ón gClochán. De Mhainíneach Liam Dearg agus do mhuinntir Laimh Seán na gCanaí. Bhí fear eile de chlann ac Chonfhaola i n-aice leobh. Bhí sé ina cleamhnaidhe le Seán na gCanaí. Bhí inghean ag an mac Confhaola seo, cailín beag. Bhí Liam Dearg agus Seán na gCanaí oidhche agus bhí suim mhór airgid ar an mbord aca sa seomra agus é dá roinnt aca. Bhí an cailín beag seo le mac Confhaola sa seomra agus ní raibh aon tsuaitheantas aca uirthé. Nuair a bhí carnán mór leagtha amach ag Liam Dearg agus carnán mór leagtha ag Seán na gCanaí d'éirigh Seán na gCanaí ón mbord agus fuair sé slis. Tháinig sé anuas ar Liam Dearg i dtaobh cúl a cinn gur mharbhuigh sé leis an tslis é d'aon iarraidh amháin. Chuir sé faoi'n leabaidh annsin é, Seán na gCanaí agus a bhean agus chuireadar san oidhche é.

73

Tháinig an cailín beag abhaile ag tigh a háthair is a máthair. D'fhan sí sa mbaile an oidhche sin. Lá ar na bhárach bhí sagart ag teacht ag faoistin.

"Ní ghabhfaidh mé ann arís" adeir an cailín beag, go dtéighe mé ag faoistin ag an sagart." Chuaidh an cailín beag chun faoistin agus an méid a chonnaic sí d'innis sí don sagart é agus go raibh a muinntir ag iarraidh í a chur go dtí teach Sheáin na gCanaí. Nuair a bhí an tAifreann thart labhair an sagart le Mac Confhaola agus dubhairt sé leis gan a inghean a chur ag teach Liam na gCanaí ní ba mhó. Ní dheachaidh sí ann ní ba mhó. Bhí Liam Dearg bocht, bhí Seán na gCanaí saidhbhir. Is i naice le Loch a' Ghadaidhe a bhí an bheirt ghadaidhe seo ina gcomhnaidhe.

7-11-1933.

74